TAIRSEACHA TUAIRISCITHE

FORAIS RÉASÚNACHA D'ÁBHAR IMNÍ

TIONCHAR AR –
Sláinte, leas agus forbairt an linbh

- **Imlínithe in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta**
- **Baineann sé le gach duine**
- **Tá freagracht mhorálta agus eiticiúil ann go dtuairisceofaí ábhair imní faoi chosaint leanaí**
- **Áirithe ar na forais réasúnacha d'ábhar imní faoi chosaint nó leas leanaí tá:**
  - Fianaise, mar shampla de ghortú nó iompraíocht atá comhsheasmhach le drochúsáid agus caolseans ann go bhféadfadh sé tarlú ar aon bhealach eile
  - Aon ábhar imní faoi dhrochúsáid ghnéasach a d'fhéadfadh a bheith i gceist
  - Comharthaí leanúnacha go bhfuil faillí mhothúchánach nó chorpartha á dhéanamh ar an leanbh
  - Leanbh ag rá nó ag léiriú ar bhealaí eile go bhfuair sé nó sí drochúsáid
  - Admháil nó léiriú ó dhuine fásta nó ó leanbh faoi dhrochúsáid líomhanta a rinne siad
  - Cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh ag fáil drochúsáide

AN TAIRSEACH DÍOBHÁLA

TIONCHAR MÓR AR –
Sláinte, leas agus forbairt an linbh

- Imlínithe san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015
- Baineann sé le Daoine Sainordaithe - iad sin atá liostaithe i Sceideal 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015
- Cuireann sé freagracht dhlíthiúil ar Dhaoine Sainordaithe tuairisciú faoi ábhair imní a thagann le nó a sháraíonn an sainmhíniú ar dhíobháil mar atá san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015
- Úsáideann sé an Sainmhíniú ar Dhíobháil mar atá san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015
- Déanann Alt 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 sainmhíniú ar dhíobháil mar a leanas:

  'i dtaca le leanbh ciallaíonn 'díobháil -

  a. ionsaí, drochíde, nó faillí ar an leanbh ar bhealach go bhfuil nó go bhféadfadh sé tionchar tromchúiseach a imirt ar shláinte, forbairt, nó leas an linbh, nó,

  b. drochúsáid ghnéasach ar an leanbh.'

TUSLA
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency